

Irish

Michael Casey

Higher Level

2020-21

The Debate – Social & Economic Affairs



1) Bí ag faire amach do nathanna cainte mar seo ar pháipéar a haon:

- Is é an chloch is mó ar phaidrín na bpolaiteoirí ná geilleagar na hÉireann
- Tá saol an mhadra bháin ag ár bpolaiteoirí agus tá sé tuillte go maith acu
- Is cara do mhuintir na tíre é an polaiteoir
- Polaiteoirí na hÉireann – níl a sárú ann
- Laochra ár linne – Polaiteoirí na hÉireann

A Chathaoirligh, a mholtóirí, a lucht an fhreasúra agus a dhaoine uaisle. Is mise captaen na foirne. Ba mhaith liom agus le mo chomhchainteoirí a chur in iúl go bhfuilimid go huile is go hiomlán i gcoinne an rúin gurb é an chloch is mó ar phaidrín na bpolaiteoirí ná geilleagar na hÉireann. Cruthóidh mé agus m'fhoireann nach bhfuil fírinne ná bunús sa mhéid atá le rá ag lucht an fhreasúra. Tá ráitis amaideacha á spalpadh amach acu i rith na hoíche, rud a ghoilleann go mór orainn. Tá mé lánchinnte ag an deireadh go mbeidh sibh uilig ar aon intinn linn gurb é an chloch is lú ar phaidrín na bpolaiteoirí ná geilleagar na hÉireann.

Níl aon ábhar cainte níos mó i mbéal an phobail ná tionchar na bpolaiteoirí ar ár ngeilleagar agus ár n-eacnamaíocht. Tá ár bpolaiteoirí fite fuaite lenár ngeilleagar sa chaoi nach féidir an dá fhocal a scarúint óna chéile.

(Ré an Tíogair Cheiltigh)

Níl le déanamh agaibh ach súil a chaitheamh ar an smál staire a bhuail linn ag deireadh na nóchaidí. Tá mé lánchinnte gur chuala sibh faoi Ré an Tíogair Cheiltigh. I rith an ama sin, bhí flúirse airgid agus raidhse saibhris le feiceáil fud fad na tíre. Bhí carranna galánta á dtiomáint againn ónár dtithe breátha móra go dtí ár dteach saoire ar chosta thiar na hÉireann. Gan trácht ar na turais thar sáile gach cúpla mí agus turais chun na gcathracha móra ó cheann ceann na hEorpa. A dhaoine uaisle, chailleamar guaim orainn féin. Cuireadh ar shúile na bpolaiteoirí é. Insíodh do na polaiteoirí go raibh cúrsaí ag dul ó smacht. Tuairiscíodh sna meáin chumarsáide é. In ainm Chroim, bhí fios ag madraí na sráide go dtiocfadh deireadh leis an gcineál seo saoil. Cá raibh ár bpolaiteoirí? Bhí an chuma ar an scéal gur thug siad an chluas bhodhar do tairngreach. Bhí ár bpolaiteoirí ar a sáimhin só cois teallaigh. Bhí siad chomh seascair ina gcuid ainbheasa agus aineolais. Níor ghéill ár bpolaiteoirí don rabhadh a bhí á thuar ag saineolaithe agus ag iriseoirí. Anois a dhaoine uaisle, tá an cúlú

eacnamaíochta is measa i gcuimhne na seacht sinsear againn. Tá an geilleagar ina cheap magaidh.

(Dífhostaíocht)

Ní miste aird a tharraingt ar chúrsaí fostaíochta chomh maith. Cé go raibh pá agus teacht isteach maith ag muintir na hÉireann, bhí fadhb ag teacht aniar aduaidh orainn i ngan fhios dúinn. Bhí acmhainní cuí ag ár bpolaiteoirí an todhchaí eacnamaíochta a thuar. De bharr a neamairt, cailleadh postanna fud fad na tíre. Ba bhuille tubaisteach í an dífhostaíocht gan bréag ar bith. Cuireadh in iúl go raibh méadú as cuimse ar líon na ndaoine a bhí as obair. Dúnadh na comhlachtaí móra ar nós Waterford Crystal agus Fruit of the Loom. Druideadh siopaí, bialanna agus tithe tabhairne. Athshealbháíodh na tithe ó cheann ceann na tíre. Tugadh an bóthar agus an bata dár máithreacha agus dár n-athaireacha. Sheas ár dtuismitheoirí taobh amuigh de bhanc bia lena lámha chomh fada lena chéile. Bhí ar ár mic agus ár n-iníonacha aghaidh a thabhairt ar an mbád bán lena mbeatha a thabhairt i gcrích. Thug siad cúl a gcinn dá dteaghlaigh agus dá gcairde ag súil le saol suaimhneach síochánta thar sáile. Cá raibh ár bpolaiteoirí? Cá raibh ár gceannairí? Bhí an chuma ar an scéal gur thréig siad muintir na tíre in am ár ngátair. Bhí siad ar nós cuma leo.

A dhaoine uaisle, chuamar ó bhorradh go cliseadh. Fágadh ar an mblár folamh muid! Fágadh ar chreagacha ocracha muid! Chlis na polaiteoirí orainn! Theip ar na polaiteoirí tús áite a thabhairt do mhuintir na tíre. Níl aon rud níos cinnte ná go bhfuil a bpócaí féin ar thús cadhnaíochta gach cáinainéis. Is léir go bhfuil siad ag tochras ar a gceirtlíní féin agus beidh a choíche.

A dhaoine uaisle, tá mé tagtha chuig deireadh mo chuid cainte. Tá súil agam go bhfuil sibh ar aon intinn liom anois nuair a deirim gurb é an chloch is lú atá ar phaidrín na bpolaiteoirí ná geilleagar na tíre. Tá sibh ar tí éisceacht arís le lucht an fhreasúra. Déanfaidh siad a seacht ndícheall dallamullóg a chur oraibh. Ná éist leo. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil libh as ucht éisteacht liom anois. Go raibh míle maith agaibh.